C/2025/4006

17.7.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge táisc gheografaigh i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/4006)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Oie d'Anjou'

Uimh. AE: PGI-FR-0477-AM01 — 24.4.2025

1. **Ainm an táirge**

'Oie d'Anjou'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☒ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Míniú ar an gcúis a dtagann an leasú nó na leasuithe faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1143:

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an TGFC 'Oie d'Anjou' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach, ní dhéanann sé an méid seo a leanas:

(a) athrú ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint a áireamh;

(b) níl baol ann go gcuirfear an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach atá an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Clár ábhar*

Scriosadh clár ábhar na sonraíochta bunaidh.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

2. *An t-iarratasóir*

Scriosadh an chuid a bhaineann leis an ngrúpa, agus níl fágtha ach an t-ainm agus na sonraí teagmhála. Cuireadh uimhir theileafóin an ghrúpa leis.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Cineál an táirge*

Rinneadh an roinn a bhaineann leis an gcineál táirge, a bhí sainithe de réir a aicme roimhe seo, a scriosadh ón tsonraíocht.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. *Tuairisc ar an táirge*

Cuireadh isteach na cuir i láthair táirge seo a leanas: géanna iomlána (iad cluimhrithe, gan bheith glanta, a bhfuil an ceann orthu, a bhfuil na cosa orthu nó gan iad) agus gearrthacha díobh.

Údaraítear reo le haghaidh cur i láthair agus gearrthacha an chonablaigh réidh le cócaráil.

Méadaíodh na meáchain íosta le haghaidh conablach beagán:

Cur i láthair an chonablaigh	Íosmheáchan tosaigh	Íosmheáchan athraithe
Réidh le cócaráil (RTC)	2,5 kg	2,7 kg
Ullmhaithe	2,8 kg	3,1 kg

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. *Críochú an limistéir gheografaigh*

Baineadh goradh agus marú de na céimeanna nach mór a dhéanamh laistigh den limistéar geografach críochaithe.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

6. *Fianaise gur de thionscnamh an limistéir an táirge*

Cuireadh tábla leis ina bhfuil an fhianaise inrianaitheachta le haghaidh gach céime den táirgeadh.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7. *Modh táirgthe*

— Foroinn 5.1 Pór a úsáidtear

Cuireadh tuairisc ar fheinitíopa Gé Bhán na Réine leis: cluimhreach bhán den chuid is mó, súile gorma agus caipíní súile agus gob oráiste.

Údaraítear géanna fireanna.

— Foroinn 5.2 Modh tógála

Léiríodh an tréimhse tógála le haghaidh na ngéanna: tugtar isteach sa teach éanlaithe clóis iad ó mhí an Mhárta go mí an Mheithimh agus maraítear iad sa ráithe dheiridh.

Luaitear nach mór don duine atá freagrach as tógáil a bheith i láthair nuair a fhaightear na góislíní.

— Foroinn 5.3.1 Foirgnimh

Sonraíodh go n-údarófar dhá bhaisc de 2 500 gé ar a mhéad ar ghabháltas beostoic amháin.

Tá an dlús faoi dhíon socraithe ag 10 ngé in aghaidh an m^2 go dtí 5 seachtaine d'aois, ansin 5 ghé in aghaidh an m^2 ag 6 seachtaine. Scriosadh dlús 7 ngé in aghaidh an m^2 le linn an cheathrú agus an chúigiú seachtain.

Sonraíodh nach mór na foirgnimh a théamh (nuair a fhaightear na góislíní), iad a lasadh (ar feadh 5 seachtaine) agus iad a bheith dea-aeráilte.

Deartar an limistéar aclaíochta clúdaithe le tuí atá tadhlach leis an teach éanlaithe clóis le líontán lasnairde. Laghdaíodh an dlús sa limistéar seo ó 3 go 2 ghé in aghaidh an m^2.

— Foroinn 5.3.2 Clóis lasmuigh

Laghdaíodh achar iomlán an chlóis innilte ó 25 m^2 in aghaidh na gé go dtí 15 m^2 ar a laghad in aghaidh na gé, agus oibleagáid ann trí bharr uainíochta ar leith ar a laghad a chur (le cur in ionad grán buí).

Sonraítear innilt thimthriallach trí limistéar innilte iata íosta 2 m^2 in aghaidh na gé a chur leis agus an gá atá le barra beatha a sholáthar ar feadh na tréimhse innilte.

— Foroinn 5.4 Beatha

I dteannta le hinnilt lasmuigh, sonraíodh na céimeanna aistrithe beatha:

— aiste thosaithe bia: 50 % gránaigh agus díorthaigh ghránaigh (0 go 10 lá)

— beatha fáis: 70 % gránaigh agus díorthaigh ghránaigh (10 lá go 4,2 kg)

— gráin ghránaigh (ó 4,2 kg go dtí an 1 Samhain ar a laghad)

— réim bheatha don mhéathú 70 % de ghránaigh agus díorthaigh ghránaigh (ón 1 Deireadh Fómhair ar a luaithe go dtí an marú)

Laghdaíodh leibhéal na ngránach agus na ndíorthach go 70 % de chomhdhéanamh na beatha.

Cuireadh liosta d'amhábhair bheatha údaraithe leis.

Sonraíodh an miondealú ar ghráin ghránaigh: 90 % ar a laghad a fhástar ar an ngabháltas, 20 kg ar a laghad in aghaidh na gé.

Údaraítear beathú grin.

— Foroinn 5.5 Faireachán a dhéanamh ar fhás na gé

Leagtar amach i dtábla na príomhoibríochtaí meáite a dhéantar le linn thógáil na ngéanna agus an tsampla lena mbaineann.

— Foroinn 5.6 Saintréithe na n-éan beo sula mbaintear iad

Chun brat saille na ngéanna a sheiceáil, lena ráthaítear a gcáilíocht, cuireadh leis go ndéanfar scrúdú beo ar gach éan sula mbainfear den ealta iad: léirmheas amhairc agus láimhsiú ar an bhfosú saille idir na cosa agus na goba saille faoi na sciatháin.

— Foroinn 5.7 Coinníollacha aistrithe, iompair agus sáinseáin

Sonraítear an tréimhse aistarraingthe beatha mar 8 n-uair an chloig roimh aistriú.

Ardaíodh an uastréimhse idir aistriú agus marú ó 10 n-uair an chloig go 12 uair an chloig.

— Foroinn 5.10 Gearradh

Sonraíodh uastréimhse 4 lá idir marú agus gearradh.

— Foroinn 5.11 Reo

Sonraíodh uastréimhse 3 lá idir marú agus reo.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

8. *Comhlacht cigireachta*

Tugadh ainm agus sonraí teagmhála an chomhlachta cigireachta cothrom le dáta.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

9. *Lipéadú*

Leasaíodh an roinn 'Lipéadú' i gcomhréir leis na treoirlínte náisiúnta arb é is aidhm dóibh an chaoi a ndréachtaítear sonraíochtaí a chomhchuibhiú. scriosadh an mhír a bhí ann roimhe seo agus cuireadh abairt ina hionad ina leagtar amach na heilimintí rialála sainordaitheacha.

Scriosadh an ceanglas an uimhir aonair a ghreamú agus an seamlas inar maraíodh na géanna a shainaithint.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

10. *Ceanglais náisiúnta*

Leasaíodh an roinn 'Ceanglais náisiúnta' i gcomhréir le hathruithe ar an reachtaíocht agus ar na rialacha náisiúnta. Cuireadh tábla leis ina léirítear na príomh-mhíreanna atá le seiceáil agus na modhanna meastóireachta atá le húsáid.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

'Oie d'Anjou'

Uimh. AE: PGI-FR-0477-AM01 — 24.4.2025

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

'Oie d'Anjou'

2. **Ballstát nó tríú tír**

an Fhrainc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 02 — FEOIL AGUS SCAIRTEACH FEOLA INITE

3.2. ***Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)***

Is éin fhireanna agus bhaineanna d'ord *Anseriformes* iad géanna 'OIE d'Anjou', de speiceas Ghé Bhán na Réine.

Is éin saor-raoin iad a bhíonn ag innilt i gclóis féarúla agus ar bharra beatha. Cuireann an modh tógála sin é ar a chumas do 'Oie d'Anjou' úsáid a bhaint as a gcumas nádúrtha chun ceallalós planda a dhíleá trí bheathú ar bharra ar a gcois, agus ar an gcaoi sin teorainn a chur lena dtomhaltas foinsí próitéine seachtracha.

Díoltar géanna 'OIE d'Anjou':

— Úr nó, ag brath ar na cuir i láthair, reoite;

— Mar chonablaigh d'Aicme A;

— Iomlán, réidh le cócaráil (RTC: éanlaith chluimhrithe, glanta, gan an ceann, a bhfuil an tarsas orthu nó gan an tarsas), ullmhaithe (éanlaith chluimhrithe, glanta, a bhfuil an ceann orthu, agus a bhfuil na cosa agus an scairteach orthu nó gan iad) nó iomlán agus neamhghlanta (éanlaith chluimhrithe, neamhghlanta, agus an ceann uirthi, a bhfuil na cosa orthu nó gan iad);

— Mar ghearrthacha úra nó reoite d'Aicme A ón gconablach, nár cheart a meáchan a bheith níos lú ná 90 % den mheáchan a bhunaítear le haghaidh éin iomlána, le cnámha nó dá n-uireasa, le craiceann orthu nó dá uireasa.

Is mar a leanas iad saintréithe na dtáirgí críochnaithe sin:

Cur i láthair an chonablaigh	Íosmheáchan	Is féidir reo a dhéanamh
Réidh le cócaráil (RTC)	2,7 kg	Is féidir
Ullmhaithe	3,1 kg	Níor ullmhaíodh
Gé iomlán	3,4 kg	Ní hí

Tá conablach géanna 'Oie d'Anjou' cruinn agus tá brollach leathan aige: tá an brollach ar leibhéal an steirnim ar a laghad.

Tá an craiceann bog. Ritheann sraith saille síos idir na cosa, agus fosaithe saille fo-chraicní ar an mbrollach agus ar an abdóman. Tá gob teann saille suite faoi gach sciathán.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Beathaítear iad ar bharra beatha ar a gcois a luaithe a scaoiltear isteach sna clóis iad ag 28 lá d'aois go dtí go méathaítear iad i limistéir aclaíochta clúdaithe le tuí ag tabhairt an phróisis beathaithe chun críche.

Le linn na tréimhse tógála, tá ceithre chéim bheathaithe ar leith ann a mbíonn beatha *ad libitum* ag na géanna lena linn:

Beatha a sholáthraítear de réir na baisce

Aiste thosaithe bia (50 % gránaigh agus díorthaigh ghránaigh)

Góislíní 0-10 lá d'aois

Beatha fáis (70 % gránaigh agus díorthaigh ghránaigh)

Ó 10 lá d'aois go dtí go sroichfidh na géanna meánmheáchan 4,2 kg.

Gráin ghránaigh

Nuair a shroicheann na géanna meánmheáchan 4,2 kg agus go dtí an 1 Samhain ar a luaithe

Réim bheatha don mhéathú (70 % gránaigh agus díorthaigh ghránaigh)

Ón 1 Deireadh Fómhair ar a luaithe, measctar réim bheatha don mhéathú isteach sa ghrán gránaigh go dtí an marú.

Tugtar 20 kg ar a laghad de ghráin ghránaigh do gach gé. Is ón ngabháltas a thagann 90 % ar a laghad de na gráin.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Tógáil na ngéanna

3.5. ***Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

—

3.6. ***Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

—

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Roinn Maine et Loire (49): ina iomláine.

Roinn Indre et Loire (37):

Cantún Langeais: Avrillé-les-Ponceaux, Benais, Bourgueil, Braye-sur-Maulne, Brèches, Channay-sur-Lathan, Château-la-Vallière, Continvoir, Couesmes, Courcelles-de-Touraine, Gizeux, Hommes, Lublé, Marcilly-sur-Maulne, Restigné, Rillé, Saint-Laurent-de-Lin, Saint-Nicolas-de-Bourgueil, Savigné-sur-Lathan, Souvigné agus Villiers-au-Bouin.

Roinn Loire-Atlantique (44):

Cantún Ancenis: ina iomláine;

Cantún Châteaubriant: Châteaubriant, Erbray, Grand-Auverné, Issé, Juigné-des-Moutiers, La Chapelle-Glain, La Meilleraye-de-Bretagne, Louisfert, Moisdon-la-Rivière, Petit-Auverné, Saint-Julien-de-Vouvantes agus Soudan;

Cantún Nort-sur-Erdre: Joué-sur-Erdre, Le Cellier, Ligné, Mouzeil, Riaillé, Teillé agus Trans-sur-Erdre.

Roinn Mayenne (53):

Cantún Château-Gontier-sur-Mayenne 1: Bierné-les-Villages, Châtelain, Chemazé, Coudray, Daon, Fromentières, Gennes-Longuefuye, Houssay, La Roche-Neuville, Ménil agus Saint-Denis-d'Anjou;

Cantún Château-Gontier-sur-Mayenne 2: ina iomláine;

Cantún Château-Gontier: ina iomláine;

Cantún Cossé-le-Vivien: Athée, Ballots, Brains-sur-les-Marches, Congrier, Fontaine-Couverte, La Roë, La Rouaudière, La Selle-Craonnaise, Livré-la-Touche, Renazé, Saint-Aignan-sur-Roë, Saint-Erblon, Saint-Martin-du-Limet, Saint-Michel-de-la-Roë, Saint-Saturnin-du-Limet agus Senonnes;

Cantún Meslay-du-Maine: Beaumont-Pied-de-Bœuf, Bouère, Bouessay, Grez-en-Bouère, Le Buret, Préaux, Ruillé-Froid-Fonds, Saint-Brice, Saint-Charles-la-Forêt, Saint-Loup-du-Dorat, Val-du-Maine agus Villiers-Charlemagne.

Roinn Sarthe (72):

Cantún Ecommoy: Écommoy, Saint-Biez-en-Belin agus Saint-Ouen-en-Belin;

Cantún Château-du-Loir: Beaumont-Pied-de-Bœuf, Beaumont-sur-Dême, Chahaignes, Dissay-sous-Courcillon, Flée, La Chartre-sur-le-Loir, Lavernat, Lhomme, Luceau, Montval-sur-Loir, Nogent-sur-Loir, Saint-Pierre-de-Chevillé agus Thoiré-sur-Dinan.

Cantún La Flèche: ina iomláine;

Cantún Loué: Noyen-sur-Sarthe.

Cantún Le Lude: ina iomláine;

Cantún Sablé-sur-Sarthe: ina iomláine;

Cantún La Suze sur Sarthe: Mézeray, Parigné-le-Pôlin agus Saint-Jean-du-Bois.

Roinn Deux-Sèvres (79):

Cantún Bressuire: ina iomláine;

Cantún Mauléon: ina iomláine;

Cantún Thouars: ina iomláine;

Cantún Val de Thouet: Airvault (iarchríoch bhardas Airvault), Availles-Thouarsais, Boussais, Brion-près-Thouet, Glénay, Irais, Loretz-d'Argenton, Luzay, Marnes, Pas-de-Jeu, Pierrefitte, Plaine-et-Vallées, Saint-Cyr-la-Lande, Sainte-Gemme, Saint-Généroux, Saint-Léger-de-Montbrun, Saint-Martin-de-Mâcon, Saint-Martin-de-Sanzay, Saint-Varent, Tourtenay agus Val en Vignes.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an TGFC 'Oie d'Anjou' bunaithe ar a cháil agus ar a cháilíocht. Tagann táirgeadh géanna 'Oie d'Anjou' agus tógáil na héanlaithe clóis atá réidh le róstadh a chuirtear ar an margadh faoi láthair ó fhorbairt an táirgthe sin, a bhuí le haeráid éadrom aigéanach, le geilleagar áitiúil a chuaigh in oiriúint le himeacht ama agus le saineolas sinsearach na bhfeirmeoirí, a bhí in ann leas a bhaint as na dálaí aeráide agus a dtáirgeadh a oiriúnú, agus iad féin á mbunú ar thraidisiún tógála éanlaithe clóis.

Tá an limistéar geografach suite in abhantrach réimsí íochtaracha Abhainn Loire. Coinníonn tionchar an Loire agus aer na farraige isteach an limistéar aistrithe idir an aeráid aigéanach agus aeráid aigéanach mhodhnaithe a bheag nó a mhór ag teorainn thoir réigiún Anjou.

Le leibhéil arda báistí agus teochtaí séimhe, ní hamháin go gcumasaítear fás tapa féir san earrach, ach cruthaítear dálaí fabhracha freisin le haghaidh táirgeadh plandaí an-éagsúlaithe.

Cuidíonn dlús an líonra hidreolaíoch a ritheann ar fud an limistéir lena aeráid aonfhoirmeach a choinneáil ar bun. Déantar insreafaí aeir mhuirí thais shéimh isteach sa limistéar geografach, a bhuí leis an Loire a ghearrann ina dhá chuid é, a iompar ina dhiaidh sin feadh a craobh-aibhneacha ar cheachtar bruach.

Ar bhonn na ngnéithe nádúrtha sin, d'fhorbair muintir an limistéir gheografaigh aschur éagsúlaithe barr curaíochta, go háirithe barra beatha agus gránach, lenar féidir géanna agus ainmhithe eile a thógáil.

I gcaitheamh na mblianta, tá saineolas suntasach faighte ag feirmeoirí maidir le modhanna tógála: feirmeoireacht shaineolach ar na góislíní tar éis a ngortha agus na coinníollacha maidir lena bhfás ina dhiaidh sin, le tréimhse fhada innilte uainíochta, chomh maith le beathú gan iomaíocht a bhainistiú, infhaighteacht agus éagsúlacht na mbeatha ainmhithe, agus an próiseas méathaithe.

Is féidir an tábhacht a bhaineann le gé rósta i réigiún Anjou a mhíniú toisc gur bunaíodh gabháltais ghé ansin sa 15ú céad, rud a léiríonn cleachtais tógála an-sean a chuireann le fíor-shaineolas na bhfeirmeoirí sa lá atá inniu ann.

Bhí géanna coitianta ar fud réigiún Anjou. Tagann ainmneacha roinnt mhaith sráidbhailte agus gráigeanna ó ghéanna nó ó tháirgí a bhaineann le géanna, mar a léirítear leis an *Dictionnaire historique, géographique et biographique de Maine et Loire* [Foclóir Stairiúil, Geografach agus Beathaisnéiseach Maine-et-Loire] arna thiomsú ag Célestin Port agus arna fhoilsiú in 1878, arna nuashonrú ag André Sarrazin agus Pascal Tellier.

Tá géanna mar chuid d'oidhreacht stairiúil talmhaíochta réigiún Anjou, mar atá fianaithe ag an aonach cáiliúil Brissac-Quincé, a théann siar go 1450 agus atá fós á reáchtáil, chomh maith leis na liostaí praghsanna seachtainiúla le haghaidh géanna a dhíoltar ar roinnt mhaith margaí in Anjou. An tráth sin, bhí géanna mar chuid de na dleachtanna bliantúla a d'íoc na tuathánaigh leis an uasaicme agus bhí ról tábhachtach acu cheana féin i saol laethúil áitritheoirí réigiún Anjou, *inter alia* trína gcleití agus a gclúmh a úsáid.

Bhí baint ar leith ag fir agus, go háirithe, mná an réigiúin (toisc gur i dtáirgeadh eallaigh den chuid is mó a bhí na fir ag obair) i dtáirgeadh géanna ó lár an 19ú céad go dtí 1980 chun an éileamh rathúil ar chraiceann gé súdaraithe an tráth sin a chomhlíonadh. Tháinig laghdú de réir a chéile ar an éileamh sin agus d'imigh sé ar fad sna 10 mbliana ó 1980 go 1990.

Lean táirgeadh géanna i réigiún Anjou de bheith ag soláthar an mhargaidh réidh le róstadh amháin.

Is éanlaith chlóis shaor-raoin thraidisiúnta iad géanna 'OIE d'Anjou'. Caitear an tréimhse fhada tógála, a mhaireann 175 lá ar a laghad, den chuid is mó i gclóis lasmuigh a dtugtar rochtain do na géanna orthu ag aois 28 lá ar a dhéanaí. Is éard atá sna clóis limistéar fánaíochta agus limistéar beathaithe ina bhfuil an bheatha ainmhithe a fhástar ansin: is saintréith í an innilt sin den chaoi a dtógtar géanna 'Oie d'Anjou'.

Is 70 % den bheatha le haghaidh géanna 'Oie d'Anjou' iad gránach agus díorthaigh ghránaigh. Soláthraítear gráin ghránaigh ina theannta sin chun ramhrú a áirithiú agus chun a áirithiú go gcomhlíonann an conablach na caighdeáin.

Saintréith de chonablach ghé 'Oie d'Anjou' is ea a bhrollach leathan agus céim ramhraithe shonrach:

— fosú saille idir na cosa;

— goba saille faoi na sciatháin;

— fosuithe saille fo-chraicní ar an mbrollach agus ar an abdóman.

Chun 'Oie d'Anjou' a tháirgeadh lena shaintréithe sonracha, baineann an modh a leantar le nósanna imeachta a bhaineann go sonrach leis an bpróiseas tógála.

— Déanann na feirmeoirí gach rud is féidir chun na góislíní a fháil sna dálaí is fearr. Tá a fhios acu go bhfuil marcóirí ina gceantar maireachtála ag teastáil ó na góislíní agus nach mór dóibh aithne a chur ar an duine a thugann aire dóibh go tapa. Dá bhrí sin, tá na dálaí ina bhfaightear iad ríthábhachtach agus tá sé tábhachtach labhairt leo ón uair a thagann siad ar an ngabháltas. Cuidíonn méid na n-ealtaí, atá teoranta do dhá bhaisc de 2 500 gé in aghaidh na feirme, freisin leis an bhfeirmeoir dlúthchaidreamh a chruthú leis na héin.

— Trí rochtain a thabhairt ar na clóis lasmuigh faoin go luath, ag aois 28 lá ar a dhéanaí, cuirtear é ar a gcumas do na géanna tús a chur le féar a ithe go luath, agus ar an gcaoi sin a gcineál luibhiteach a léiriú. Cumasaíonn an snáithín ionsú níos fearr na gcothaitheach san fhéar agus sa bheatha chumaisc a thugtar dóibh, sula dtugtar isteach gráin ghránaigh nuair a bhíonn meánmheáchan 4,2 kg bainte amach acu.

— Tá na cleachtais sin nasctha leis an aeráid shéimh thais aigéanach, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca na góislíní a scaoileadh isteach sna clóis fhéarmhara lasmuigh ag aois óg agus as a n-eascraíonn fás tapa féir ag tús an earraigh.

- Tréimhse fhada innilte

Leathnaíonn corp na gé le linn na tréimhse innilte, nuair is féidir leis an ngé innilt a dhéanamh ar bharra beatha ar a gcos.

Tá innilt na ngéanna, atá nasctha le saineolas an fheirmeora maidir le barra beatha a chur, cinntitheach maidir le cruth maith coirp a fháil, trí na géanna a ullmhú chun cainníochtaí móra a ithe le linn na céime méathaithe.

- An chéim mhéathaithe chinntitheach

Is éard atá sa chéim mhéathaithe ná tabhairt ar na héin uasmhéid d'ábhar plandaí a ithe chun go ramhraítear go tapa iad agus chun go n-úsáidfear an tsaill i bpáirt chun fíochán matáin a fhorbairt, go háirithe sa bhrollach.

Le linn na tréimhse sin, tugtar cainníocht *ad libitum* de thuí le hithe do na géanna.

Is gá leanúint de mhais plandaí a sholáthar dóibh chun an t-idirthuras stéigeach a mhoilliú, chun ionsú éifeachtach na ngrán gránach agus na beatha cumaisc a áirithiú.

Leis an saineolas a úsáidtear chun géanna 'Oie d'Anjou' a thógáil, is féidir táirge de cháilíocht aitheanta a tháirgeadh. Tá cócairí cáiliúla, amhail Pascal Favre d'Anne, príomhchócaire in Angers, tar éis aird a tharraingt ar na héin trí oidis úrnua a chuireann i láthair iad i mbláth a maitheasa ar an bpláta; Ballotine ghé Oie d'Anjou le duxelles beacán, filléid mheánbhruite de bhrollach ghé Oie d'Anjou le beacáin Saumur, agus tartare bhrollach ghé Oie d'Anjou ar bheacáin mharanáidithe le hola strufail.

Baineann an ghé 'Oie d'Anjou' anois le hoidhreacht ghastranómach réigiún Anjou, arna fhianú ag an iris *Gastronomica* in 2013: 'An ghé Oie d'Anjou, taisce ghastranómach áitiúil! Tar éis an mharaithe, ullmhaítear na géanna de láimh agus teastaíonn trí oiread níos mó oibre uathu ná lachan. Beidh costas thart ar EUR 60 ar ghé mhaith 4.5 kg agus beathóidh sí idir ochtar agus deichniúr. Is cúis áthais dúinn an t-éan uasal seo a chur ar ais ar an mbiachlár ag deireadh na bliana. Ní dhearna an cócaire Angers, Pascal Favre d'Anne, aon bhotún. Chuir sé Oie d'Anjou lena bhiachlár don séasúr féile.'

Tá géanna ina ngné de chlóis feirme réigiún Anjou ó bhí na Meánaoiseanna ann. Ó shin i leith, tá siad aitheanta mar gheall ar a mblas, rud a thugann áthas do chách le linn shéasúr na féile.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-a64e4119-c005-41b0-820e-745ba5969c79